**Comhairle Contae Fhine Gall**

**RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS UM CHOSAINT SONRAÍ**

Baineann an ráiteas seo leis na cleachtais um príobháideachas atá againn i ndáil leis an suíomh gréasáin seo agus leis na seirbhísí leabharlainne gaolmhara leis chomh maith leis an gCóras Bainistíochta Leabharlainne. Níl Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as an ábhar nó as na cleachtais um príobháideachas d'aon suíomh gréasáin eile. Tá sé soiléir nuair a bhíonn nasc seachtrach chuig suímh eile, agus fágann sé sin nach linne an suíomh gréasáin i gceist.

**An tSlándáil**

Bíonn Comhairle Contae Fhine Gall dáiríre faoina freagrachtaí slándála, agus cuirtear bearta oiriúnacha, fisiceacha agus teicniúla araon, i bhfeidhm, lena n-áirítear Córas Rialúcháin Rochtana Foirne, rialuithe iniúchta, traenáil foirne agus feasacht foirne. Tá gnáthaimh inmheánacha agus bacainn cosanta ríomhaire i bhfeidhm againn chun d'fhaisnéis a choimeád slán sábháilte chomh fada is gur féidir. Mar sin féin, ní féidir linn a dheimhniú go mbeidh aon fhaisnéis go huile príobháideach nó faoi rún, bíodh sé sin faisnéis a bhaineann leatsa, mar an duine i mbun úsáide, atá á seoladh trí chóras ríomhphoist nach bhfuil slándáil ar an Idirlíon.

**Bailiú Sonraí Pearsanta an Chustaiméara**

Ar mhaithe le Seirbhís Leabharlainne a chur ar fáil duit, agus Córas Bainistíochta Leabharlanna Aonair, leis, bailímid sonraí a bhaineann leat mar úsáideoir leabharlainne, agus úsáidimid na sonraí sin. Ní bhailímid aon fhaisnéis ach amháin an fhaisnéis sin a roghnaíonn tú a chur chugainn trí ríomhphost, an fhaisnéis a thugann tú dúinn nuair a ghlacann tú le ballraíocht ar líne nó an fhaisnéis a thugtar dúinn nuair a logálann tú isteach chun ár seirbhísí ar líne a úsáid. Úsáidtear na sonraí seo chun bainistíocht agus riar a dhéanamh ar chuntas leabharlainne an úsáideora agus le cúiseanna oibríochtúla, agus áirítear leo:

- d'ainm
- do sheoladh
- an t-aoisraon ina bhfuil tú
- do sheoladh ríomhphoist
- d'uimhir fón póca (seirbhís roghnach)

Glacfar le haon fhaisnéis pearsanta a thugtar dúinn chuig na caighdeáin is airde maidir le slándáil agus rúndacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.